



Coimisiún na Scrúduithe Stáit State Examinations Commission

SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2008

CUNTA SA ÍOCHT – ARDL EIBHÉAL (400 marc)

Dé Máirt 17 Meitheamh – Tráthnóna 2.00 p.m. – 5.00 p.m.

Tá an páipéar seo leagtha amach ina 3 Roinn:

Roinn 1: Cuntasaíocht Airgeadais (120 marc).

Tá 4 cheist sa roinn seo (Uimhreacha 1-4). Tá 120 marc ar an gcéad cheist agus tá 60 marc an ceann ar na trí cheist eile.

Ba chóir d'iarrthóirí **CEIST 1 amháin** a fhreagairt NÓ tabhairt faoi **DHÁ** cheann ar bith de na trí cheist eile sa roinn seo.

Roinn 2: Cuntasaíocht Airgeadais (200 marc).

Tá trí cheist sa roinn seo (Uimhreacha 5-7). Tá 100 marc ar gach ceist.

Ba chóir d'iarrthóirí **DHÁ** cheann ar bith de na ceisteanna a fhreagairt.

Roinn 3: Cuntasaíocht Bhainistíochta (80 marc).

Tá dhá cheist sa roinn seo (Uimhreacha 8 agus 9). Tá 80 marc ar gach ceist.

Ba chóir d'iarrthóirí **CEANN AMHÁIN** de na ceisteanna seo a fhreagairt.

Áireamhain

Is ceadmhach áireamhain a úsáid agus ceisteanna ar an bpáipéar seo á bhfreagairt: tá sé fíorthábhachtach, áfach, go dtaispeánfar an t-oibriú amach s(n)a f(h)reagairleabha(i)r sa chaoi gur féidir creidiúint iomlán a thabhairt ar obair cheart.

ROINN 1 (120 Marc)
Freagair Ceist 1 nó DHÁ cheist ar bith eile

1. Trádálaí Aonair – Cuntais Chríochnaitheacha

Baineadh an Comhardú Trialach seo a leanas as Leabhair Orla Ní Dheoráin ar 31/12/2007:

	€	€
Foirgnimh (Costas €550,000)	485,000	
Veaineanna Seachadta (Costas €85,000)	73,000	
Infheistíochtaí 8% (1/4/2007)	130,000	
Morgáiste Seasta 6% (méadú €50,000 a fuarthas ar 1/4/2007 san áireamh)		150,000
Paitinní	52,400	
Féichiúnaithe agus Creidiúnaithe	40,000	113,000
Ceannacháin agus Díolacháin	512,400	729,000
Stoc 1/1/2007	65,600	
Coimisiún	4,200	
Tuarastal agus Speansais Ghinearálta	85,000	
Soláthar in aghaidh drochfhiach		1,200
Lascaine (glan)	1,900	
Cíos	9,000	
Ús Morgáiste íoctha do na chéad trí mhí	1,250	
Árachas (Fionraí san áireamh)	6,150	
CBL		4,100
Banc		15,900
ÁSPC		3,900
Tarraingtí	36,200	
Caipiteal		485,000
	<u>1,502,100</u>	<u>1,502,100</u>

Tá an t-eolas agus na treoracha seo a leanas le cur san áireamh:

- (i) Bhí €75,000 ar an stoc ar chostas ar 31/12/2007. Ní dhearnadh taifead ar bith **sna leabhair** d'earraí faoi bhealach ar 31/12/2007. Fuarthas an sonrasc do na hearraí sin a thaispeánann an praghas miondíola molta, €6,000, is é an costas móide 25%.
- (ii) Déan soláthar in aghaidh dímheasa ar veaineanna ar an ráta bliantúil 15% den chostas ón dáta ceannaigh go dáta an díola.
NÓTA: Ar 31/3/2007 trádáladh veain seachadta a raibh costas €30,000 uirthi ar 30/9/2004 in aghaidh veain nua a chosain €36,000. Tugadh lamháltas €10,000 ar an tseanveain. Iontráladh an seic ar ghlanmhéid an bhirt seo sa chuntas bainc ach caitheadh go mícheart leis mar cheannachán stoc trádála. Ní dhearnadh iontráil ar bith eile sna leabhair maidir leis an mbeart sin.
- (iii) Tarlaíonn figiúr an fhionraí toisc gur breacadh figiúr mícheart don ús morgáiste i gcuntas an úis mhorgáiste agus toisc gur i gcuntas na gcreidiúnaithe amháin a iontráladh lascaine €200 a fuarthas. Iontráladh an t-ús ceart sa chuntas bainc.
- (iv) Cuireadh earraí le praghas miondíola €10,000 ar ais chuig soláthraí. Ba é an praghas díola ná an costas móide 25%. D'eisigh an soláthraí nóta creidmheasa a thaispeánann táille athstocála de 10% den chostphraghas. Ní dhearnadh iontráil ar bith maidir leis an táille athstocála.
- (v) Tá soláthar le déanamh d'ús morgáiste dlite. Baineann 20% den ús morgáiste leis an gcuid phríobháideach den fhoirgneamh.
- (vi) Tá paitinní, ar a áirítear ioncam infheistíochta 3 mhí a fuarthas, le díscríobh thar thréimhse 5 bliana, ag tosú in 2007.
- (vii) Déan soláthar in aghaidh dímheasa ar fhoirgnimh de réir ráta 2% den chostas sa bhliain. Socraíodh na Foirgnimh a athluacháil ar €800,000 ar 31/12/2007.
- (viii) Fágadh ar lár ó na leabhair earraí de luach miondíola €2,000, is é sin costas móide 25%, a tharraing an t-úinéir siar chun iad a úsáid go príobháideach le linn na bliana.
- (ix) Fuarthas seic ar €600 ar 31/12/2007 maidir le fiach €1,000 a díscríobhadh cheana féin mar dhrochfhiach. D'aontaigh an féichiúnaí an chuid eile a íoc laistigh de 1 mhí amháin. Ní dhearnadh iontráil ar bith sna leabhair chun an beart sin a thairfeadh.

Iarrtar ort iad seo a leanas a ullmhú:

- (a) Cuntas Trádála agus Cuntas Brabúis agus Cailteanais don bhliain dar chríoch 31/12/2007. (80)
- (b) Clár Comhardaithe mar a bhí ar 31/12/2007. (40)

(120 marc)

2. Cuntas Rialúcháin Féichiúnaithe

Thaispeáin Cuntas Rialúcháin Mhórleabhar na bhFéichiúnaithe ag C. Ó Sé na hiarmhéideanna seo a leanas – €17,550 **sr** agus €630 **dr** ar 31/12/2007. Níor réitigh na figiúirí sin leis an Sceideal (Liosta) d'Iarmhéideanna na bhFéichiúnaithe a baineadh amach ar an dáta céanna. Léirigh scrúdú ar na leabhair iad seo a leanas:

- (i) Fuair C. Ó Sé sonrasc ó sholáthraí ar €510. Iontráladh é sin sa leabhar lae cuí mar €570. Ach nuair a bhí sé á bhreacadh sa mhórleabhar ón leabhar seo ní dhearnadh iontráil ar bith sa chuntas pearsanta.
- (ii) Fuarthas nóta creidmheasa ó sholáthraí ar €120. Ba é an t-aon iontráil a rinneadh sna leabhair ná €102 a breacadh chun sochair do chuntas creidiúnaí.
- (iii) Ghearr creidiúnaí ús €76 ar C. Ó Sé as cuntas a bhí dlite thar téarma. Ba é an t-aon iontráil a rinneadh sna leabhair don ús seo ná €67 a breacadh chun sochair do chuntas an chreidiúnaí. Tar éis gearán ó C. Ó Sé laghdaíodh an táille seo go €50 ach níor léiríodh an laghdú sin sna leabhair.
- (iv) Breacadh chun dochair do chuntas sholáthraí ceannacháin airgid ar €140 ag C. Ó Sé.
- (v) Chuir C. Ó Sé earraí €110 ar ais chuig soláthraí agus d'iontráil sé é sin i gceart sna leabhair. Ach tháinig nóta creidmheasa a léirigh asbhaint 10% mar tháille athstocála. Breacadh suim iomlán an nóta creidmheasa seo chun dochair do chuntas an chreidiúnaí agus iontráladh €90 ar an taobh mícheart sa mhórleabhar ainmniúil.
- (vi) Lascaine €32 a chealaigh soláthraí, cuireadh isteach sna leabhair í mar lascaine a fuarthas.

Iarrtar ort iad seo a leanas a dhéanamh:

- (a) Cuntas Rialúcháin Mhórleabhar Coigeartaithe na bhFéichiúnaithe a ullmhú. (24)
- (b) An Sceideal Coigeartaithe Creidiúnaithe a ullmhú a léiríonn an t-iarmhéid tosaigh. (30)
- (c) Tabhair breac-chuntas ar na buntáistí do ghnólacht a bhaineann le Cuntais Rialúcháin. (6)

(60 marc)

3 Cuntas Club

San áireamh i sócmhainní agus i ndlíteanais (fiachais) Chlub Gailf Ghleann an Bhaird ar 1/1/2007 bhí siad seo a leanas:

Clubtheach agus Cúrsa €750,000, Stoc beáir €7,000, Trealamh (ar a chostas) €26,000, Ballraíocht Saoil €40,000, Féichiúnaithe beáir €535, Creidiúnaithe beáir €6,000, Ciste Cúltaca Tobhaigh €50,000, Ús infheistíochta dlite €400, Pá dlite €2,500, Síntiúis faighte roimh ré €1,600.

Chuir cisteoir an chlub an cuntas seo a leanas ar fáil ar ghníomhaíochtaí an chlub le linn na bliana dar críoch 31/12/2007.

Fáltais	€	Íocaíochtaí	€
Cuntas Reatha bainc	14,000	Ceannacháin bheáir	78,500
Ús Infheistíochta ó		Costais lónadóireachta	8,000
Infheistíochtaí Rialtais 5%	1,600	Speansais éagsúla	186,400
Táillí iontrála	15,000	Trealamh	45,000
Fáltais lónadóireachta	14,000	Ceachtanna gailf d'fhoirme an chlub	4,600
Urraíocht bhliantúil	25,000	Aisíoc iasachta €30,000 ar 31/5/2007	
Síntiúis	250,000	mar aon le hús 1½ bliain	33,600
Fáltais bheáir	110,460	Aistriú go Cumann Foirgníochta	
		ar 31/12/2007	60,000
		Iarmhéid	<u>13,960</u>
	<u>430,060</u>		<u>430,060</u>

Tugtar an t-eolas agus na treoracha breise seo a leanas duit:

1. Stoc beáir ar 31/12/2007, €8,500.
2. Tá dímheas le déanamh ar an trealamh a bhí in úinéireacht an chlub ar 31/12/2007 de réir ráta 20% den chostas.
3. Tá dímheas 2% le déanamh ar an gclubtheach agus ar an gcúrsa.
4. Féichiúnaithe agus Creidiúnaithe beáir ar 31/12/2007, €275 agus €3,220 faoi seach.
5. Ar na síntiúis tá:
 - (i) Ballraíocht Saoil amháin a thugann an Bhallraíocht Saoil iomlán suas go 21.
 - (ii) Síntiúis do 2008 de €2,600.
 - (iii) Tobhach €250 ar 200 ball do 2007.
 - (iv) Tobhach €250 ar 10 ball do 2006.
6. Tá Ballraíocht Saoil le díscríobh thar thréimhse 10 mbliana ag tosú in 2007.

Iarrtar ort iad seo a leanas a dhéanamh:

- (a) Ciste Carntha (Caipiteal) an Chlub ar 1/1/2007 a thaispeáint. (25)
- (b) An Cuntas Ioncaim agus Caiteachais don bhliain dar chríoch 31/12/2007 a thaispeáint. (25)
- (c) (i) Míniú le cabhair sampla cad is ciall le Cuntas Brabúis agus Cailteanais Sainchuspóra.
(ii) Dá molfá tobhach ceithre bliana breise chun fairsingiú €250,000 a mhaoiniú cad iad na hargóintí a dhéanfá anois mar ghnáthbhall? (10)

(60 marc)

4. Cuntais Fhoilsithe

Tá scairchaipiteal Údaraithe de €700,000 ag Lemont Cpt agus é roinnte ina 500,000 gnáthscair ar €1 an ceann agus 200,000 scair thosaíochta 8% ar €1 an ceann. Baineadh an comhardú trialach seo a leanas as a cuid leabhar ar 31/12/2007.

	€	€
Foirgnimh ar chostas	650,000	
Foirgnimh – Dímheas Carntha ar 1/1/2007		41,000
Feithiclí ar chostas	200,000	
Feithiclí – Dímheas Carntha ar 1/1/2007		38,000
Infheistíochtaí Luaite ar chostas (luach ar mhargadh €220,000)	200,000	
Infheistíochtaí Neamhluaite ar chostas (luach stiúrthóirí €70,500)	60,000	
Féichiúnaithe agus Creidiúnaithe	277,000	197,000
Stoc 1/1/2007	65,000	
Paitinn 1/1/2007	50,000	
Costais dáileacháin	260,000	
Speansais riaracháin	160,000	
Ceannacháin agus Díolacháin	1,250,000	1,990,000
Ioncam ó Chíos		50,000
Brabús ar dhíol talún		70,000
Díbhinní íoctha	43,000	
Banc	77,000	
CBL		70,000
Bintiúir 8% 2012/2013		300,000
Cuntas Brabúis agus Cailteanais ar 1/1/2007		50,000
Ioncam infheistíochta faighte – Luaite		10,000
Neamhluaite		3,000
Caipiteal eisithe		
Gnáthscaireanna		350,000
8% Scaireanna Tosaíochta		100,000
Soláthar in aghaidh drochfhiach		20,000
Ús bintiúir íoctha	10,000	
Lascaine		13,000
	<u>3,302,000</u>	<u>3,302,000</u>

Is eolas ábhartha é seo a leanas:

- Is é €222,000 luach an Stoic ar 31/12/2007.
- Le linn na bliana, díoladh ar €160,000 talamh in aice le háitreabh na cuideachta a chosain €90,000. Ag deireadh na bliana rinne an chuideachta a cuid Foirgneamh a athluacháil ar €800,000. Is mian leis an gCuideachta an luach sin a chorprú i gcuntais na bliana seo.
- Déan soláthar d'ús bintiúir atá dlite, táillí iniúchóra €8,000, táillí stiúrthóirí €50,000 agus cáin chorparáideach €85,000.
- San áireamh i speansais riaracháin tá fáltas €8,000 ar ríchíosanna paitinne.
- Tá soláthar le déanamh in aghaidh dímheasa ar Fhoirgnimh de réir ráta 2% den chostas agus é le cionroinnt de réir 20% ar chostais dáileacháin agus 80% ar speansais riaracháin. Níor ceannaíodh ná níor díoladh foirgneamh ar bith le linn na bliana. Tá dímheas le déanamh ar fheithiclí de réir 20% den chostas.
- Fuarthas an phaitinn ar 1/1/2003 ar €90,000. Tá amúchadh á dhéanamh uirthi thar 9 mbliana i dtráthchodanna cothroma. Tá an t-amúchadh le bheith san áireamh sa Chostas Díolachán.

Iarrtar ort iad seo a leanas a dhéanamh:

- (a) An cuntas foilsithe Brabúis & Cailteanais don bhliain dar chríoch 31/12/2007 a ullmhú de réir Achtanna na gCuideachtaí agus na gcaighdeán cuí cuntasaíochta, agus na nótaí seo a leanas a thaispeáint:

- Nóta polasaí cuntasaíochta do shócmhainní seasta inláimhsithe agus do stoc.
- Brabús Oibriúcháin
- Sócmhainní seasta airgeadais
- Díbhinní
- Sócmhainní seasta inláimhsithe. (50)

- (b) (i) Luaigh conas a dhéanfadh cuideachta déileáil le Dliteanas Teagmhasach a d'fhéadfadh tarlú ach nach dócha go dtarlóidh sé.
- (ii) Cad iad na rialacháin nach mór do Chuntasóirí a chomhlíonadh nuair a bhíonn ráitis airgeadais á n-ullmhú acu lena bhfoilsíú? (10)

(60 marc)

ROINN 2 (200 marc)
Freagair **DHÁ** cheist ar bith

5. Léirmhíniú ar Chuntais

Baineadh na figiúirí seo a leanas as cuntais chríochnaitheacha Uí Fhaoláin Tta., déantóir ábhar tógála. Tá caipiteal údaraithe de €800,000 ag an gcuideachta atá comhdhéanta de 550,000 gnáthscair ar €1 an ceann agus 250,000 scair thosaíochta 8% ar €1 an ceann. Tá 400,000 gnáthscair eisithe cheana féin ag Ó Faoláin Tta., agus gach scair de na scaireanna tosaíochta 8%.

Cuntas Trádála agus Cuntas Brabúis agus Caillteanais don bhliain dar críoch 31/12/2007

	€
Díolacháin	930,000
Costais earraí díolta	(630,000)
Speansais oibriúcháin don bhliain	(200,000)
Ús don bhliain	<u>(16,000)</u>
Glanbhrabús don bhliain	84,000
Díbhinní íoctha	(45,000)
Iarmhéid Brabúis & Caillteanais 1/1/2007	<u>65,000</u>
Iarmhéid Brabúis & Caillteanais 31/12/2007	<u>104,000</u>

Cóimheasa agus eolas don bhliain dar chríoch 31/12/2006

Tuilleamh an Ghnáthscair	18c
Díbhinn an Ghnáthscair	5c
Cumhdach úis	8 n-uaire
Mear-chóimheas	1.1 le 1
Luach Gnáthscair amháin ar an margadh	€1.35
Toradh ar Chaipiteal in úsáid	9%
Giaráil	40%
Cumhdach díbhinne	3 huair
Toradh díbhinne	6%

Clár Comhardaithe mar a bhí ar 31/12/2007

	€
Sócmhainní Doláimhsithe	130,000
Sócmhainní Inláimhsithe	600,000
Infheistíochtaí (luach ar an margadh €160,000)	<u>170,000</u>
	900,000
Sócmhainní Reatha (Stoc Deiridh €64,000 san áireamh)	180,000
Creidiúnaithe Trádála	<u>(166,000)</u>
	<u>14,000</u>
	<u>914,000</u>
Bintiúir 10% (2011/2012)	160,000
Caipiteal Eisithe	
Gnáthscaireanna @ €1 an ceann	400,000
Scaireanna Tosaíochta 8% @ €1 an ceann	250,000
Iarmhéid Brabúis agus Caillteanais	<u>104,000</u>
	<u>754,000</u>
	<u>914,000</u>

Luach Gnáthscair amháin ar an margadh €1.30

Iarrtar ort iad seo a leanas a ríomh do 2007:

- (a) (i) An Toradh Díbhinne
(ii) An stoc tosaigh más é an ráta láimhdeachais stoic ná 10 (bunaithe ar mheánstoc)
(iii) Tuilleamh an ghnáthscair in 2007
(iv) Cén t-achar ama a thógfadh sé ar ghnáthscair amháin a luach ar an margadh in 2007 a aisghabháil bunaithe ar an ráta íoctha díbhinne faoi láthair?
(v) An Cóimheas Praghas/Tuilleamh. (45)
- (b) Luaigh cé acu ba cóir do na gnáth-scairshealbhóirí a bheith sásta le feidhmiú, le staid reatha agus le hionchais na cuideachta nó nár chóir. Bain úsáid as cóimheasa ábhartha agus as eolas eile mar thacaíocht le do fhreagra. (40)
- (c) Is comhartha de bhainistíocht chríonna stuama é cóimheas leachtach a bheith ag éirí. Déan an ráiteas seo a phlé go hachomair. (15)

(100 marc)

6. Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid

Is iad seo a leanas Cláir Chomhardaithe Uí Aodha Tta mar a bhí ar 31/12/2006 agus ar 31/12/2007.

Cláir Chomhardaithe mar a bhí ar	31/12/2007		31/12/2006	
	€	€	€	€
Sócmhainní Seasta				
Costas	620,000		490,000	
Lúide dímhéas carntha	<u>(220,000)</u>	400,000	<u>(100,000)</u>	390,000
Sócmhainní Airgeadais				
Infheistíocht ag costas		200,000		300,000
Sócmhainní Reatha				
Stoic	360,000		252,000	
Féichiúnaithe	170,000		110,000	
Urrúis Rialtais	70,000		-	
Airgead	<u>50,000</u>		<u>70,000</u>	
	<u>650,000</u>		<u>432,000</u>	
Lúide Creidiúnaithe: suimeanna dlite laistigh de bhliain amháin				
Creidiúnaithe trádála	214,000		247,000	
Banc	20,000		34,000	
Cáin	<u>48,000</u>		<u>39,000</u>	
	<u>282,000</u>	<u>368,000</u>	<u>320,000</u>	<u>112,000</u>
		<u>968,000</u>		<u>802,000</u>
Maoinithe ag				
Creidiúnaithe: suimeanna dlite tar éis níos mó ná bliain amháin				
Bintiúir 10%		170,000		120,000
Caipiteal agus Cúlchistí				
Gnáthscaireanna @ €1 an ceann	290,000		230,000	
Scairphréimh	18,000		-----	
Cuntas Brabúis agus Caillteanais	<u>490,000</u>	<u>798,000</u>	<u>452,000</u>	<u>682,000</u>
		<u>968,000</u>		<u>802,000</u>

Tá an t-eolas seo a leanas ar fáil freisin:

- (i) Eisíodh 60,000 scair ar €1.30 an scair.
- (ii) Sócmhainní seasta a chosain €60,000, agus ar soláthraíodh dímhéas iomlán de €30,000 ina leith, díoladh ar €40,000 iad.
- (iii) Eisíodh Bintiúir €50,000 ar 1/1/2007.
- (iv) Íocadh díbhinní de luach €54,000 san iomlán le linn na bliana
- (v) Gearradh cáin €60,000 ar bhrabús na bliana 2007
- (vi) Infheistíochtaí a chosain €100,000, díoladh ar airgead tirim iad ar a luach de réir na leabhar.

Iarrtar ort:

- (a) (i) Cuntas Brabúis agus Caillteanais giorraithe a ullmhú chun an brabús oibriúcháin don bhliain dar chríoch 31/12/2007 a fháil.
- (ii) Ráiteas ar Shreabhadh Airgid d'Ó hAodha Tta. don bhliain dar chríoch 31/12/2007 a ullmhú, agus Ráitis Imréitigh san áireamh. (85)
- (b) (i) Mínigh cén fáth nach ionann i gcónaí brabús a shaothrú agus méadú comhfhreagrach a theacht ar an airgead a bheadh ar fáil.
- (ii) Scríobh nóta faoi Bhord na gCaighdeán Cuntasaíochta. Déan tagairt do i do fhreagra phríomhghníomhaíocht an Bhoird agus don chaoi ar imir sé tionchar ar ullmhú ráiteas faoi Shreabhadh Airgid. (15)

(100 marc)

7. Ceartúchán earráidí agus an cuntas fionraí

Níor tháinig Comhardú Trialach L. Ní Shé, úinéir *boutique*, chun réitigh ar 31/12/2007. Iontráladh an difríocht i gcuntas fionraí agus ullmhaíodh an Clár Comhardaithe seo a leanas.

Clár Comhardaithe mar a bhí ar 31/12/2007

	€	€	€
Sócmhainní Seasta			
Áitreabh		400,000	
Mótarfheithicilí		20,000	
Troscán agus trealamh		<u>16,000</u>	436,000
Sócmhainní Reatha			
Stoic		17,000	
Féichiúnaithe		5,600	
Airgead		<u>3,200</u>	
		25,800	
Lúide: Dliteanas Reatha			
Creidiúnaithe (fionraí san áireamh)	12,200		
Banc	<u>5,600</u>	<u>(17,800)</u>	<u>8,000</u>
			<u>444,000</u>
Maoinithe ag:			
Caipiteal		441,000	
Cuir leis: Glanbhrabús		<u>15,000</u>	
		456,000	
Tarraingtí		<u>12,000</u>	<u>444,000</u>
			<u>444,000</u>

Tar éis na leabhair a sheiceáil, aimsíodh na hearráidí seo a leanas:

- (i) Tugadh anuas rótharraingt €400 sa chuntas bainc ar an taobh mícheart den mhórleabhar ainmniúil agus dá bhrí sin iontráladh ar an taobh mícheart den chomhardú trialach í.
- (ii) Dhíol Ní Shé seodra, a bhí ina seilbh féin go pearsanta, le féichiúnaí de chuid na gnólachta ar cairde €2,800. Caitheadh leis an díolachán seo go mícheart mar dhíolachán stoic ar airgead. Bhí sé ar intinn ag Ní Shé fáltas an díolacháin a choinneáil sa ghnólacht.
- (iii) Féichiúnaí a raibh €700 ag L. Ní Shé air, chuir sé isteach seic ar €550 agus €100 in airgead tirim leis an bhfiach a ghlanadh go hiomlán. Iontráladh é sin i gceart sna leabhair. Ach ní dhearnadh iontráil ar bith sna leabhair faoin seic a obadh ina dhiaidh sin ná faoi dhíscríobh an chuid eile den fhiach go hiomlán i ngeall ar fhéimheacht.
- (iv) Bhuaigh Ní Shé mótarfheithicil a raibh luach €20,000 uirthi mar dhuais i gerannchur. Thug Ní Shé an fheithicil don ghnólacht agus thóg sí seanveain ón ngnólacht dar luach €8,000 lena húsáid do chríocha príobháideacha. Ba é an t-aon iontráil a rinneadh i leabhair na gnólachta maidir leis an dá mhótarfheithicil ná dochar €8,000 i leabhar an airgid.
- (v) Breacadh íocaíochtaí airgid €160 ar dheisiúchán ar mhótarfheithicil na gnólachta agus €100 ar mhótarfheithicilí príobháideacha chun sochair do chuntas na gcreidiúnaithe agus chun sochair do chuntas na mótarfheithicilí.

Iarrtar ort:

- (a) Na ceartúcháin is gá a iontráil. (50)
- (b) An Cuntas Fionraí a thaispeáint. (6)
- (c) Ráiteas a ullmhú a léiríonn an Glanbhrabús ceart. (14)
- (d) Clár Comhardaithe ceartaithe a ullmhú. (20)
- (e) A mhíniú le samplaí cad is ciall leo seo: (10)
 - (i) Earráid Choimisiúin;
 - (ii) Earráid Phrionsabail.

(100 marks)

ROINN 3 (80 marc)
Freagair ceist AMHÁIN

8. Costáil Imeachach agus Scaradh Costas

- (a) Táirgeann Ó Dúill Tta. táirge amháin. Is é seo a leanas cuntas brabúis agus caillteanais na cuideachta don bhliain dar chríoch 31/12/2007, inar táirgeadh agus inar díoladh 14,000 aonad. Bhí an chuideachta ag oibriú ar 70% dá cumas in 2007.

	€	€
Díolacháin (14,000 aonad)		560,000
Ábhair	120,000	
Saothar díreach	140,000	
Forchostais mhonarchan	90,000	
Speansais riaracháin	<u>112,000</u>	<u>462,000</u>
Glanbhrabús		<u>98,000</u>

Is costais athraitheacha iad na hábhair, an saothar díreach agus an tríú cuid de na forchostais mhonarchan. Tá €62,500 de na speansais riaracháin seasta.

Iarrtar ort a ríomh:

- (i) Pointe meá ar mheá agus lamháil sábháilteachta na cuideachta.
- (ii) An brabús a d'fhéadfadh an chuideachta a déanamh in 2008 dá laghdódh sí an praghas díola de 5%, dá méadódh sí an caiteachas ar fhógraíocht de €10,000 agus ar an gcaoi sin, dá méadófaí líon na n-aonad a dhíolfaí go dtí 20,000 aonad, agus dá bhfanfadh leibhéil na gcostas eile gan athrú.
- (iii) Líon na n-aonad nach mór a dhíol ar €36 an t-aonad chun brabús 20% den ioncam díolacháin a fhaightear ó na haonaid chéanna sin a chur ar fáil.
- (iv) An brabús a d'fhéadfadh an chuideachta a déanamh dá dtabharfaí coimisiún 5% don fhoireann díolacháin agus €1 sa bhreis a íoc ar an bpacáistiú a fheabhsú, agus ar an gcaoi sin na díolacháin a méadú go 19,000 aonad ar €42 an t-aonad.
- (v) Cén úsáid a bhaintear de ghnáth as an gcion tairbhe don chóimheas díolacháin? Cathain is gá an cóimheas seo a úsáid?
- (b) Féadfar costais mheasctha a roinnt ina gcuid eilimintí seasta agus athraitheacha ach taifid na gcostas ó thréimhsí roimhe sin a úsáid. Déanann Max Tta. aon táirge amháin. Rinneadh taifead ar na costais táirgeachta agus ar na leibhéil aschuir le linn Mhárta, Aibreán agus Bealtaine 2007.

	50%	75%	90%
Leibhéil Aschuir			
Aonaid	10,000	15,000	18,000
Costais	€	€	€
Ábhair dhíreacha	140,000	210,000	252,000
Saothar díreach	80,000	120,000	144,000
Forchostais táirgeachta	66,000	96,000	114,000
Forchostais eile	57,000	83,250	99,000
Speansais riaracháin	<u>25,000</u>	<u>25,000</u>	<u>25,000</u>
	<u>368,000</u>	<u>534,250</u>	<u>634,000</u>

Tá an brabús buiséadaithe le bheith mar 15% de na díolacháin.

Iarrtar ort:

- (i) Na forchostais a roinnt ina n-eilimintí seasta agus athraitheacha.
- (ii) Na forchostais eile a roinnt ina n-eilimintí seasta agus athraitheacha.
- (iii) Buiséad Solúbtha a ullmhú do Leibhéil Gníomhaíochta 95% agus úsáid á baint as prionsabail chostála Imeachacha, agus an cion tairbhe a thaispeáint.

(80 marc)

9. Buiséadú

Tá réamhaisnéis bhliantúil díolachán go Nollaig 2009 críochnaithe le déanaí ag de Róiste Tta. Tá súil acu dhá tháirge a dhíol – Togha ar €220 agus Rogha ar €269.

Tá na stoic go léir le laghdú de 20% ó na leibhéil tosaigh faoi dheireadh 2009 agus iad á luacháil de réir an mhodh TITA (*FIFO*).

	Togha	Rogha
Tá súil le díolachán	10,000 aonad	4,200 aonad

Tá súil leis na stoic d'earraí críochnaithe ar 1/1/2009:

Togha	600 aonad ar €120 an ceann
Rogha	450 aonad ar €140 an ceann

Baineann an dá tháirge úsáid as na hamhábhair agus as an saothar oilte céanna, ach i gcainníochtaí difriúla in aghaidh an aonaid mar seo a leanas:

	Togha	Rogha
Ábhar x	7 kg	5 kg
Ábhar y	6 kg	8 kg
Saothar oilte	7 n-uaire an chloig	8 n-uaire an chloig

Tá súil leis na stoic amhábhair seo ar 1/1/2009:

Ábhar x	5000 kg @ €2.50 an kg
Ábhar y	3000 kg @ €4.50 an kg

Is iad na praghsanna ar amhábhair a bhfuil súil leo le linn 2009 ná:

Ábhar x	€3 an kg
Ábhar y	€5 an kg

Tá súil le ráta saothair oilte de €13 in aghaidh na huaire an chloig.

Tá súil leis na forchostais táirgeachta seo:

Athraitheach	€4 in aghaidh na huaire an chloig de shaothar oilte
Seasta	€204,080 sa bhliain

Iarrtar ort iad seo a leanas a ullmhú:

- (a) Buiséad Táirgeachta (ina aonaid).
- (b) Buiséad Ceannachán Amhábhair (ina ionad agus ina €)
- (c) Buiséad Costas Táirgeachta/Déantúsaíochta
- (d) Cuntas Buiséadaithe Trádála (*más é an costas buiséadaithe ar aonad Togha agus Rogha ná €180 agus €210 faoi seach*).
- (e)
 - (i) Mínigh cad is ciall le Buiséad Caipitiúil.
 - (ii) Is í an Phríomhthoisic Bhuiséid ná éileamh ar dhíolacháin sa chuid is mó de na heagraíochtaí. Luaigh dhá thoisic eile a d'fhéadfaí a mheas mar Phríomhthoisic Bhuiséid freisin.

(80 marc)

Leathanach Bán

Leathanach Bán